Paidreacha don Bhliain

Rang 2

****An Fhaoistin Choiteann***
Admhaím do Dhia uilechumhachtach
Agus daoibhse, a bhráithre,
Gur pheacaigh mé go trom
Le smaoineamh agus le briathar,
Le gníomh agus le faillí,
Trí mo choir féin, trí mo choir féin,
Trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin,
Impím ar Naomh Mhuire síor-Ógh,
Ar na haingil agus ar na naoimh,
Agus oraibhse, a bhráithre,
Guí ar mo shon chun an Tiarna Dia.

****An Gníomh Dóláis***
A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá Dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine Eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís. Áiméan.

****Paidir ag iarraidh Maithiúnais***
A Dhia, ár nAthair, cabhraigh liom
Cuimhneamh ar na huaireanta
Nár mhair mé mar a d'iarr Íosa orm.
Cabhraigh liom brón a bheith orm
Agus iarracht eile a dhéanamh. Áiméan.

****Paidir tar éis Maithiúnais***
A Dhia, ár nAthair, go raibh maith agat faoi Mhaithiúnas a thabhairt dom.
Cabhraigh liom grá a thabhairt do dhaoine eile.
Cabhraigh liom maireachtáil mar a d'iarr Íosa Orm. Áiméan.

****Paidir roimh Comaoineach***
A Thiarna Íosa, tar chugam.
A Thiarna Íosa, tabhair dom do ghrá.
A Thiarna Íosa, tar chugam agus tabhair tú Féin dom.

A Thiarna Íosa, a chara na bpáistí, tar chugam.
A Thiarna Íosa, is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
Moladh leat, a Thiarna Íosa Críost.

****Paidir tar éis Comaoineach***
A Thiarna Íosa, gráim agus adhraím thú.
Is tú mo chara dílis.
Fáilte romhat, a Thiarna Íosa.
Go raibh maith agat as teacht chugam.

Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa,
As ucht tú féin a thabhairt dom.
Cabhraigh liom do ghrá a léiriú
Cibé áit a mbím.

Bí taobh liom, a Thiarna Íosa,
Fan in aice liom go deo.
Beannaigh sinn, na páistí, atá faoi do chúram
Agus tabhair ar neamh sinn chun cónaithe
Leat féin.

Táim réidh anois, a Thiarna Íosa,
Tá grá agam go leor.
Táim réidh anois le do ghrá a thabhairt
Sa bhaile is don saol mór.

****Baineann na paidreacha seo go mór mór leis na páistí atá ag ullmhú don Chéad Chomaoineach agus don Chéad Aithrí.***